

# **Staitisticí Gearán Trasteorann tríd an Ionad Ilfhreastail**

**25 Bealtaine 2018 –  
31 Nollaig 2021**



**An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí**  
Data Protection  
Commission

## Clár na nÁbhar

ACHOIMRE FEIDHMEACH.....	3
AN MHEICNÍOCHT IONAD ILFHREASTAIL - GEARÁIN TRASTEORANN AE/LEE .....	6
MEASÚNÚ AGUS LÁIMHSEÁIL GEARÁN TRASTEORANN.....	8
GEARÁIN TRASTEORANN ARBH É AN DPC AN PRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA (CSA)....	9
TORADH GEARÁN DÚNTA ARBH É AN DPC AN LSA .....	10
Tugtha chun críche le Réiteach Cairdiúil .....	10
Gan an gearánach ag dul ar aghaidh a thuilleadh leis an ngearán.....	11
Dréachtchinntí i gcomhréir le hAirteagal 60.....	12
GEARÁIN TRASTEORANN A RAIBH IMSCRÚDÚCHÁIN AR BUN INA LEITH.....	14
GEARÁIN TRASTEORANN A TAISCEADH LE hÚDARÁS MHAOIRSEACHTA EILE .....	15
GEARÁIN TRASTEORANN EAGRAÍOCHTA.....	16
GEARÁIN TRASTEORANN ARBH É AN DPC AN tÚDARÁS MAOIRSEACHTA BAINTEACH (CSA) .....	17
AGUISÍN 1 – CÁS-STADÉIR RÉITIGH CHARIDIÚIL .....	19
Meta Platforms Ireland Limited.....	20
Airbnb Ireland .....	21
Google (YouTube) .....	22
Yahoo EMEA Limited .....	23
Ryanair .....	24
Meta Platforms Ireland Ltd. ....	25
Twitter International .....	26

## ACHOIMRE FEIDHMEACH

Ó tugadh isteach an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i mBealtaine 2018, tá líon suntasach de ghearáin trasteorann faighte agus tugtha chun críche ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí trí mheicníocht “ionad ilfhreastail” (OSS) an GDPR.

Éascaíonn an nuálaíocht OSS seo faoin GDPR rialaitheoirí ilnáisiúnta a fheidhmíonn ar fud an AE/LEE trína chur ar a gcumas déileáil le príomhúdarás maoirseachta amháin (LSA) mar a “n-idirghabhálaí aonair”. Ní féidir ach le rialaitheoirí nó próiseálaithe atá lonnaithe san AE cáiliú don OSS. Is faoi na heagraíochtaí féin atá sé a shocrú leas a bhaint as nó gan leas a bhaint as. Ciallaíonn sé sin go bhfuil go leor comhlachtaí ilnáisiúnta lena n-áirítear oibríochtaí móra próiseála ardán idirlín lasmuigh den OSS agus, sna cúinsí sin, go bhféadfadh aon údarás maoirseachta a bheith ábalta gníomhú.

Maidir le haon stát AE/LEE, más mian leo gearán a thaisceadh, is féidir leo é a thaisceadh go díreach leis an údarás maoirseachta arb é an LSA é (má tá LSA ann) nó is féidir leo é a thaisceadh lena n-údarás áitiúil/náisiúnta a chuirfidh ar aghaidh é chuig an LSA má thagann sé chun cinn gur “cás OSS” é. Tagann saincheisteanna teanga, aistriúcháin agus comhordaithe chun cinn sa phróiseas sin chomh maith, agus uaireanta, ní bhíonn roinnt daoine sásta nuair a fhaigheann siad amach go ndéanfar dréacht de chinneadh a rinneadh faoi Airteagal 60 den GDPR maidir lena gcás féin a scaipeadh ar go leor údaráis cosanta sonraí san AE/LEE. Sna cúinsí sin, baintear amach sonraí an duine aonair nó coinnítear siar iad nuair a dhéantar scaipeadh níos fairsinge ar an dréachtchinneadh.

Tá sé d’oibleagáid ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) bunachar sonraí de chinntí críochnaitheacha comhoibrithe agus comhsheasmhachta a choinneáil. Mar sin féin, mar is léir ó chásanna ar an gclár poiblí a bhreithníú<sup>1</sup>, ní cheadaíonn gach údarás don EDPB cinntí a fhoilsiú agus ní bhíonn na bunachair i gcónaí cothrom le dáta. Tá cinntí imscrúdúcháin ex-officio nó féinsáraithe san áireamh freisin i mbunachar sonraí an EDPB.

Maidir le tromlach na ngearán trasteorann a fhaigheann sé, tá an DPC freagrach as déileáil leo mar an príomhúdarás maoirseachta AE/LEE do na heagraíochtaí atá i gceist. Faigheann an DPC líon beag gearán chomh maith ó dhaoine aonair faoin eagraíochtaí nuair is údarás cosanta sonraí AE/LEE eile an príomhúdarás. Sna cásanna sin, aistríonn an DPC na gearáin chuig an údarás cuí tríd an meicníocht OSS.

Bhí trácht go poiblí le déanaí ar láimhseáil gearán trasteorann an DPC, bunaithe faraor ar fhaisnéis atá neamhiomlán agus nach raibh aon chomhthéacs léi. Ar mhaithe le bheith freagrach agus trédhearcach, rinneadh an tuarascáil seo a chur i dtoll a chéile d’fhonn

<sup>1</sup>[https://edpb.europa.eu/our-work-tools/consistency-findings/register-for-article-60-final-decisions\\_en?f%5B0%5D=article\\_60\\_Isa%3A676](https://edpb.europa.eu/our-work-tools/consistency-findings/register-for-article-60-final-decisions_en?f%5B0%5D=article_60_Isa%3A676)


anailís staitisticiúil mhionsonraithe a chur ar fáil maidir le láimhseáil an DPC ar ghearáin OSS.

Ag tagairt do na sonraí a bailíodh sna trí bliana go leith tosaigh den oibríocht ilfhreastail seo (25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2021), tugtar forléargas sa tuarascáil ar na próisis láimhseála gearán trasteorann atá i bhfeidhm ag an DPC agus ar na staitisticí dochta bainteacha lena n-áirítear, líon na ngearán a fuarthas, líon na ngearán a tugadh chun críche, agus na torthaí a baineadh amach. Ar mhaithe le comhthéacs iomlán a thabhairt, tá breis is 18,000 gearán faighte ag an DPC ó tháinig an GDPR i bhfeidhm agus tá breis is 15,000 díobh sin tugtha chun críche.

Léirítear sa tuarascáil:


- **go bhfuair an DPC 1,150 gearán bailí trasteorann; 969 (84%) agus é ina phríomhúdarás maoirseachta (LSA) agus 181 (16% ina údarás maoirseachta bainteach (CSA).**
- **588 (61%) de na gearáin trasteorann a láimhseáil an DPC mar gur deineadh an LSA a thaisceadh ar dtús le húdarás maoirseachta eile a chur ar aghaidh ansin chuig an DPC é.**
- **Tá 65% de na gearáin trasteorann arna láimhseáil ag an DPC ina LSA ó Bhealtaine 2018 tugtha chun críche, sin 82% de na gearáin a fuarthas in 2018 agus 75% de na gearáin a fuarthas in 2019 tugtha chun críche anois.**
- **As na 634 gearán trasteorann a tugadh chun críche a láimhseáil an DPC iad ina LSA, rinneadh 544 (86%) acu a réiteach trí réiteach cairdiúil ar mhaithe leis an ngearánach.**
- **Tá 72 (22%) de na gearáin trasteorann ceangailte le himscrúdúchán agus déanfar iad sin a thabhairt chun críche nuair a bheidh an t-imscrúdúchán thart. Tá líon mór de na gearáin oscailte atá fanta ó 2018 agus 2019 ceangailte le himscrúdúchán.**
- **Baineann 86% de gach gearán trasteorann a láimhseáil an DPC ina LSA le díreach 10 rialaitheoir sonraí.**
- **Tá 38% de na gearáin a chuir an DPC ar aghaidh chuig LSAnna eile AE/LEE (gan an Ríocht Aontaithe san áireamh) tugtha chun críche.**

# An Coimisiún um Chosaint Sonraí



Gearáin trasteorann oscailte agus tugtha chun críche inarb é an DPC an LSA

# Príomhúdaráís Maoirseachta Eile



Gearáin trasteorann oscailte agus tugtha chun críche áit ar taisceadh gearán leis an DPC agus cuireadh ar aghaidh ansin iad chuig údarás eile AE/LEE (gan an Ríocht Aontaithe san áireamh) mar an LSA

## AN MHEICNÍOCHT IONAD ILFHREASTAIL - GEARÁIN TRASTEORANN AE/LEE

Rinneadh foráil sa GDPR a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 chun rialachán agus córas forfheidhmiúcháin cosanta sonraí nua a chruthú, ar a tugadh meicníocht “ionaid ilfhreastail” OSS. Is é bunchuspóir na meicníochta ná eagraíochtaí a dhéanann gnó i níos mó ná ballstát AE/LEE amháin a éascú chun bheith rannpháirteach, agus a bheith faoi réir maoirseachta rialála, údarás cosanta sonraí náisiúnta AE/LEE amháin (a ndéantar tagairt dó sa GDPR mar “údarás maoirseachta”). Is é an t-údarás maoirseachta infheidhme ná údarás an bhallstáit ina bhfuil “príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair” na heagraíochta bunaithe. Tagraítear don údarás maoirseachta sin mar an “príomhúdarás maoirseachta” don eagraíocht sin. Cuireann an t-ionad ilfhreastail ar chumas daoine aonair gearáin a thaisceadh lena n-údarás maoirseachta áitiúil, a chuirtear ar aghaidh ansin chuig an bpríomhúdarás maoirseachta lena mheas agus réiteach i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile de réir mar a éilítear faoin GDPR.

Is é príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair eagraíochta de ghnáth an áit ina bhfuil a hionad riaracháin láir agus/nó cinnteoireachta. De bharr go bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe ag go leor de na hollchuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta domhanda in Éirinn, is é an DPC atá freagrach as an ról ceannais a ghlacadh i ndáil le líon mór gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann a mheas<sup>2</sup> (gearáin trasteorann) maidir leis na cuideachtaí seo, arna dtaisceadh ag daoine aonair ar fud 30 tír AE/LEE. Is léir sin go soiléir ó na staitisticí (féach thíos) a léiríonn as na **1,150 gearán trasteorann atá faighte ag an DPC ó Bhealtaine 2018, a measadh a bheith bailí i ndiaidh measúnú agus athbhreithniú tosaigh<sup>3</sup>, gur cásanna iad 84% (969) acu a raibh an DPC ina phríomhúdarás maoirseachta.**

Déantar foráil faoi chóras ionaid ilfhreastail an GDPR d’údaráis mhaoirseachta, seachas príomhúdaráis, a bheith ainmnithe ina n-údarás maoirseachta “bainteach”. Meastar údarás maoirseachta a bheith “bainteach” le cás má tá an eagraíocht (rialaitheoir nó

<sup>2</sup> Faoi Airteagal 4(23) den Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ciallaíon “próiseáil trasteorann” ceann acu seo:

próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaithe i níos mó ná Ballstát amháin de chuid rialaitheora nó próiseálaí san Aontas, i gcás ina bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí bunaithe i níos mó ná Ballstát amháin; nó próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar san Aontas a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaithe aonair de chuid rialaitheora nó próiseálaí san Aontas ach a bhfuil éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu.

<sup>3</sup> Measann an DPC gearán trasteorann a bheith bailí nuair a bheidh sraith de bhearta measúnaithe, tugtha chun críche lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, deimhniú go bhfuil an phróiseáil atá i gceist den chineál trasteorann agus gurb é an DPC an Príomhúdarás Maoirseachta nó ina Údarás Maoirseachta Bainteach, deimhniú go bhfuil na cáipéisí riachtanacha go léir curtha ar fáil (déanfar cáipéisí breise a iarraidh nuair is cuí); deimhniú go bhfuil teagmháil déanta ag an ábhar sonraí leis an rialaitheoir sonraí lena chuid cearta a fheidhmiú, etc.

próiseálaí) bunaithe ar chríocha Bhallstát an údaráis maoirseachta sin; má tá tionchar suntasach le bheith ar ábhair sonraí atá ina gcónaí i mBallstát an údaráis maoirseachta sin nó gur dóigh go mbeidh tionchar suntasach air mar gheall ar an bpróiseáil; nó má tá gearán taiscthe leis an údarás maoirseachta sin.

**Ó mhí Bealtaine 2018, tá 181 gearán bailí trasteorann taiscthe leis an DPC ina bhfuil an DPC ag gníomhú ina údarás maoirseachta bainteach, i.e., is údarás maoirseachta eile an príomhúdarás agus atá freagrach as an ngearán a láimhseáil.**

Go praiticiúil, ciallaíonn an córas ionaid ilfhreastail a oibriú go mbeidh ról gníomhach ag an DPC i gcásanna trasteorann nuair:

- a thaisctear gearáin go díreach leis an DPC agus nuair atá príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair an rialaitheora sonraí atá i gceist lonnaithe in Éirinn - **is é an DPC an príomhúdarás maoirseachta (LSA)**
- a thaisctear gearáin go díreach le húdarás maoirseachta i mballstát eile agus nuair atá príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair an rialaitheora sonraí atá i gceist lonnaithe in Éirinn - **is é an DPC an príomhúdarás maoirseachta (LSA)**
- atá gearáin taiscthe go díreach leis an DPC agus nuair atá príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair an rialaitheora sonraí bhaintigh i mballstát eile agus go bhfuil leas Éireannach i ndáil le láimhseáil an ghearáin, i gcomhréir leis na critéir “bhainteacha” thuas - **is údarás maoirseachta bainteach é an DPC (CSA)**

RÓL AN DPC	LÍON NA nGEARÁN BAILÍ	%
PRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA (CSA):	969	84
ÚDARÁS MAOIRSEACHTA BAINTEACH (CSA):	181	16
<b>IOMLÁN</b>	<b>1150</b>	

Fíor 1 GEARÁIN TRASTEORANN INA RAIBH RÓL GNÍOMHACH AG AN DPC (ó Bhealtaine 2018)

## MEASÚNÚ AGUS LÁIMHSEÁIL GEARÁN TRASTEORANN

Sular féidir a mheas go bhfuil gearán atá taiscthe leis an DPC bailí faoin GDPR agus inghlactha lena chur ar aghaidh chuig an gcéim láimhseála gearán trasteorann, ní mór measúnú iomlán a dhéanamh air lena chinntiú go sásaíonn sé líon critéar, e.g. go mbaineann sé le saincheist cosanta sonraí (seachas, mar shampla, le seirbhís do chustaiméirí nó saincheist ábhar ar líne), agus go bhfuil gach cáipéis riachtanach curtha ar aghaidh. Ní mór a chinneadh ansin cibé an próiseáil trasteorann an phróiseáil a bhfuil ceist faoi, cibé an mbaineann sé le fianáin a thit atá rialaithe faoin reachtaíocht ríomhphróibháideachais nach bhfuil aon ionad ilfhreastail ann dó, cibé an bhfuil an DPC ag gníomhú ina LSA nó CSA agus i roinnt cásanna d'fhéadfadh tuilleadh faisnéis a bheith ag teastáil ón ngearánach nó ón rialaitheoir sonraí sular féidir cinneadh a dhéanamh maidir le hinghlacthacht gearáin.

Téann an DPC i mbun an chleachtais measúnaithe seo ar gach gearán trasteorann a fhaigheann sé go díreach ó dhaoine aonair. Déantar dul i mbun an mheasúnaithe sin freisin ar ghearáin trasteorann a fhaightear ó údaráis mhaoirseachta AE eile agus a chuirtear ar aghaidh chuig an DPC trí chóras cumarsáide IMI an Bhoird Eorpach um Chosaint Sonraí<sup>4</sup>. Má théann gearán ar aghaidh trí na céimeanna measúnaithe éagsúla agus má mheastar é a bheith bailí, agus go ndeimhnítear an DPC ina phríomhúdarás maoirseachta inniúil, cuirtear nuashonrú ar fáil don ghearánach aonair maidir le stádas a gcáis agus bogfaidh an gearán ar aghaidh ansin go dtí céim láimhseála gearán an DPC den phróiseas.

---

<sup>4</sup> Is uirlis roinnte faisnéise é an córas IMI agus ní córas bainistithe cáis. Mar sin, baineann na staitisticí a ghintear ón IMI le fógraí maidir le nósanna imeachta/sruthanna oibre a bhfuil tús curtha ag údaráis mhaoirseachta leo faoi cheannteidil éagsúla. Ina theannta sin, níl comhchoibhneas 1-le-1 ag tagairt d'iontrálacha clárúcháin cáis i staitisticí IMI an EDPB i ndáil le líon na ngearán trasteorann a láimhseáiltear de réir tíre mar go bhféadfadh gearáin éagsúla a bheith tugtha le chéile faoi aon chás amháin san iontráil clárúcháin. Ciallaíonn sé sin nach léiríonn líon na gclárúcháin cásanna in aghaidh an údaráis maoirseachta iomlánaíocht na ngearán trasteorann a fuarthas in aon tréimhse ar leith ná ar líon iomlán na gcásanna a réitíodh agus a dúnadh.



## GEARÁIN TRASTEORANN ARBH É AN DPC AN PRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA (CSA)

Sa tréimhse idir Bealtaine 2018 go dtí deireadh na bliana 2021, ghníomhaigh an DPC ina LSA do 969 gearán bailí, agus thaisc gearánaigh 588 (61%) de na gearáin sin le príomhúdaráis mhaoirseachta eile AE/LEE agus aistríodh ansin iad chuig an DPC tríd an mheicníocht OSS. Taisceadh 381 (39%) de ghearáin trasteorann go díreach leis an DPC.

MODH FÁLA	LÍON NA nGEARÁN	%
GEARÁIN BHAILÍ A TAISCEADH GO DÍREACH LEIS AN DPC	381	39
GEARÁIN BHAILÍ A TAISCEADH LE PRÍOMHÚDARÁIS MHAOIRSEACHTA EILE AE/LEE	588	61
<b>IOMLÁN</b>	969	

Fíor 2 MODH TIONSCNAIMH GEARÁN TRASTEORANN ARBH É AN DPC AN LSA

As na 969 gearán bailí trasteorann a bhfuil an DPC ina LSA ó Bhealtaine 2018, tá 65% díobh anois tugtha chun críche go hiomlán. Tá ardú ag teacht i gcónaí ar an ráta dúnta, mar a léirítear sa tábla thíos. Bhí 82% de na gearáin a fuarthas in 2018 tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2021.

BLIAIN	LÍON NA nGEARÁN BAILÍ TRASTEORANN A FUARTHAS	LÍON NA nGEARÁN A BHÍ TUGTHA CHUN CRÍCHE FAOI DHEIREADH NA BLIANA 2021	% TUGTHA CHUN CRÍCHE
2018 (Beal - Noll)	156	128	82%
2019	399	301	75%
2020	293	180	61%
2021	121	25	20% <sup>5</sup>
<b>IOMLÁN</b>	<b>969</b>	<b>634</b>	<b>65%</b>

<sup>5</sup> Ar an meán, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon mhoilleanna eile ann, nuair atáthar i mbun comhfhreagrais le gearánach i mBallstát eile faoina ngearán (a chaitear a dhéanamh tríd an údarás maoirseachta bainteach ag baint úsáid as an IMI), d'fhéadfadh sé trí mhí ar a laghad a ghlacadh ón am a uaslódáileann an DPC a chomhfhreagras leis an IMI go dtí go bhfaigheann an DPC freagra ón ngearánach. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh an DPC teagmháil a dhéanamh leis an DPC trí nó ceithre huair mar chuid den phróiseas láimhseála gearán in iarracht an gearán a réiteach go cairdiúil don ghearánach. Beidh tionchar díreach ag an achar ama a ghlacann sé comhfhreagras a bhabhtáil tríd an IMI/OSS (is gné shuntasach an próiseas comhfhreagras a aistriú go dtí teanga an ghearánaigh agus droim ar ais a bheadh i gceist don údarás maoirseachta bainteach) ar an achar ama a ghlacfaidh sé gearáin a thabhairt ar aghaidh go dtí a ndeireadh.

Tá líon mór de na gearáin oscailte a bhaineann leis an tréimhse ó 2018 go 2019 ceangailte le himscrúdúchán. Tá tuilleadh anailíse tugtha sa chuid “GEARÁIN TRASTEORANN A MBÍONN IMSCRÚDÚCHÁIN MAR THORADH ORTHU”.

## TORADH GEARÁN DÚNTA ARBH É AN DPC AN LSA

Tá líon éagsúil cúinsí agus cúrsaí gnímh ann ina bhféadfadh an DPC gearán bailí trasteorann a dhúnadh mar thoradh orthu.

### Tugtha chun críche le Réiteach Cairdiúil

Is é an chéad ghníomh a ghlacann an DPC nuair a thosaíonn sé ag obair ar ghearán bailí trasteorann ná na cumhachtaí réiteach cairdiúil atá aige faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 a fheidhmiú<sup>6</sup>. Déanfaidh an DPC measúnú ar gach gearán bailí trasteorann lena fháil amach an bhfuil sé feiliúnach leanúint ar aghaidh leis, leis an mbeart neamhsháraíochta seo atá leagtha amach chun torthaí níos tapa agus níos éifeachtúlachta ó thaobh acmhainne a bhaint amach do dhaoine aonair. Is éard atá i gceist le réiteach cairdiúil ná teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht (rialaitheoir sonraí), ag cur ceisteanna maidir le hábhar sonraí an ghearáin, ag fiosrú na bhfreagraí atá tugtha ag an eagraíocht sula moltar réiteach cairdiúil don ghearánach má mheasann an DPC go bhféadfadh freagraí na heagraíochta toradh a éascú a bheadh tairbheach don ghearánach.

Le linn teacht ar réiteach cairdiúil, nuair is le húdarás maoirseachta eile a taiscíodh an gearán, eisíonn an t-údarás sin gach cumarsáid ón DPC chuig an ngearánach agus oibríonn an dá údarás le chéile a mhéid is gá d'fhonn láimhseáil an ghearáin a bhrú chun cinn.

Is samplaí de ghearáin a bhíonn feiliúnach go minic lena réiteach go cairdiúil iad iarrataí rochtana ar shonraí pearsanta ó sholathróirí seirbhíse ar líne, iarrataí ar an bhfaisnéis atá de dhíth chun rochtain a fháil ar chuntais ar líne phearsanta agus iarrataí chun sonraí pearsanta a scriosadh. Is samplaí de ghearáin a mbíonn sé deacair iad a réiteach go cairdiúil iad cásanna a bhaineann le cuntais ar fionraí daoine aonair a mheastar go bhfuil caighdeáin pobail ardáin sáraithe acu mar gheall go bhféadfadh sé gurb é príomhmní an duine aonair go bhfuil rochtain ar a gcuntas caillte aige seachas gur saincheist cosanta sonraí é *per se*. Saincheisteanna eile a bhíonn dúshlánach faoi GDPR ná saincheisteanna a bhaineann le hábhar faoi dhíospóid sa bhfoirm postálacha de ghrianghraif agus físeáin

<sup>6</sup> Alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018:

*“Féadfaidh an Coimisiún, i gcás go measfaidh sé go bhfuil dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann, laistigh de thréimhse ama réasúnach, ar réiteach cairdiúil ar ábhar an ghearáin, cibé bearta a dhéanamh is cuí leis chun réiteach cairdiúil den sórt sin a shocrú nó a éascú.”*

agus tráchtanna (arb sonraí pearsanta iad gan aon dabht i gcásanna a chuirtear i láthair an DPC) ach ar “cara” leis an ngearánach go minic a bhfuil an postáil déanta acu agus, sna cásanna sin, ceann de na ceisteanna a thagann chun cinn ná, an é ról an ardáin cinsireacht a dhéanamh ar an ábhar a chuireann an “cara” suas?

Uirlis éifeachtach agus thábhachtach é an réiteach cairdiúil a ndéanann an GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí foráil dó agus a mbaineann an DPC úsáid as chun torthaí a bheidh ar mhaithe le gearánaigh a bhaint amach. **As na 634 gearán trasteorann (arb é an DPC an LSA) a tugadh chun críche sa tréimhse idir Bealtaine 2018 agus deireadh na bliana 2021, tugadh 544 cás (86%) acu chun críche tríd an bpróiseas réiteach cairdiúil.**

Nuair a bhaintear réiteach cairdiúil amach, measfar go bhfuil gearán tarraingthe siar, i gcomhréir le hAlt 109(3) den Acht <sup>7</sup>.

Is féidir cás-staidéir a léiríonn úsáid éifeacht na meicníochta réitigh chairdiúil i ndáil le torthaí a bhaint amach do ghearánaigh a fháil in Aguisín 1.

Ba chóir a thabhairt ar aird áfach, **nach bhfuil aon oibleagáid ar ghearánaigh comhaontú cosán réitigh chairdiúil a leanúint** nuair a mholtar dóibh é. Fiú amháin i gcásanna nuair a mheasann an DPC go bhfuil réiteach cairdiúil feiliúnach agus gur féidir a leithéid a bhaint amach, agus sa chás go bhfuil sé gaibhte i mbun imscrúdúcháin ar mhaithe arís le réiteach cairdiúil a bhaint amach, is féidir leis an gearánach **gan glacadh leis**. Sna cásanna sin, arb iad an mionlach iad de bharr an méid oibre a dhéantar agus acmhainní a úsáidtear chun réiteach cairdiúil cuí a mholadh don ghearánach, leanfaidh an DPC le dréachtchinneadh a ullmhú de réir Alt 60 den GDPR a chinnfidh cibé ar tharla sárú, agus cibé an mbeidh nó nach mbeidh úsáid le baint as aon chumhachtaí ceartaitheacha,

### **Gan an gearánach ag dul ar aghaidh a thuilleadh leis an ngearán**

I roinnt cásanna gearán trasteorann, tarlaíonn eachtraí a mbíonn mar thoradh orthu go stopann an gearánach ag cumarsáid leis an DPC, fiú nuair a mheastar an gearán atá déanta acu a bheith bailí. Is iad na húdair éagsúla a thugann an DPC faoi deara is cúis leis sin ná go bhfuil teagmháil déanta ag an rialaitheoir sonraí leis an ngearánach go díreach chun an tsaincheist a réiteach gan rannpháirtíocht a thuilleadh an DPC, nó easpa freagartha ón ngearánach ar iarraidh ar thuilleadh faisnéise atá de dhíth chun dul ar aghaidh leis an ngearán. Tarlaíonn an treocht sin freisin nuair atá an DPC ag déileáil le

<sup>7</sup> Alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018:

*I gcás go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann ar réiteach cairdiúil ar ábhar an ghearáin, measfar, ón dáta a thiocfar ar an réiteach cairdiúil, an gearán a bheith tarraingthe siar ag an ngearánach lena mbaineann.*

gearáin náisiúnta (nó baile seachas trasteorann) agus, cé go bhfuil neart údair féideartha ann, gur dóigh go bhfuil an t-ábhar réitithe, ní mór don DPC a mheas go bhfuil na gearáin sin dúnta má stopann rannpháirtíocht an ghearánaigh leis an DPC maidir lena ngearán. Cé nach mbeidh aon ghníomh eile ann ón DPC sna cúinsí sin, osclóidh an DPC i gcónaí na gearáin sin arís má chinneann an gearánaigh amach anseo a bheith rannpháirteach arís sa phróiseas láimhseála gearáin.

**As na 634 gearán trasteorann (arb é an DPC an LSA) a tugadh chun críche sa tréimhse idir Bealtaine 2018 agus deireadh na bliana 2021, tugadh 82 cás (13%) acu chun críche ar an mbonn nach raibh an gearánaigh ag leanúint ar aghaidh leis an ngearán.**

### **Dréachtchinntí i gcomhréir le hAirteagal 60**

Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, meastar gearán inar dtángthas ar réiteach cairdiúil a bheith tugtha chun críche agus tarraingthe siar. Faoin Acht, de bharr go mbíonn gearán tugtha chun críche nuair a bhaintear réiteach cairdiúil amach, ní théann an próiseas láimhseála gearáin ar aghaidh go dtí nós imeachta comhchinneadh Airteagal 60 den GDPR chun dréachtchinneadh a ullmhú agus a scaipeadh.

Mar chuid den phróiseas láimhseála gearáin, nuair nach ndéantar gearán a réiteach go cairdiúil, nó nuair nach meastar é bheith feiliúnach le haghaidh réiteach cairdiúil, ullmhóidh an DPC dréachtchinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a bhforáiltear dó in Airteagal 60<sup>8</sup> den GDPR. Ar an iomlán, go dáta, tá naoi ndr éachtchinneadh faoi Airteagal 60 scaipte ag an DPC lena n-áirítear dréachtchinntí i bhfiosruithe gearánbhunaithe agus féinsáraithe araon. Ina theannta sin, tá céim an-mhór chun cinn bainte amach ag líon mór d'fhiosruithe DPC i ndáil le dréachtchinntí a ullmhú do nós imeachta Airteagal 60. Tá tuilleadh sonraí ar stádas na bhfiosruithe sin tugtha i dTuarascáil Bhliantúil an DPC don bhliain 2021 (leathanaigh 60 - 64)<sup>9</sup>.

Má éiríonn leis an bpróiseas réitigh chairdiúil, ciallaíonn sin in go leor cásanna, nach bhfuil cinneadh Airteagal 60 ag teastáil. Tugann an DPC ar aird anois áfach go bhfuil cinneadh Airteagal 60 sui generis ag teastáil anois de réir threoirlínte críochnaitheacha le gairid an EDPB chun fhíric gur tharla réiteach cairdiúil a thairfeadh. Ag féachaint do na nósanna imeachta láimhseála gearáin atá leagtha amach san Acht um Chosaint Sonraí 2018, tá an DPC ag scrúdú bealaí faoina bhféadfaí na treoirlínte a chur i bhfeidhm i gcleachtas chun

<sup>8</sup> Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679 (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) - Comhar idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann

<sup>9</sup> [https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2022-02/Data%20Protection%20Commision%20AR%202021%20English%20FINAL\\_0.pdf](https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2022-02/Data%20Protection%20Commision%20AR%202021%20English%20FINAL_0.pdf)

cinntí sui generis a éascú i ndáil le gearáin a réitíodh go cairdiúil lena léiriú go ndearnadh gearán a fháil, a réiteach agus a dhúnadh.



## GEARÁIN TRASTEORANN A RAIBH IMSCRÚDÚCHÁIN AR BUN INA LEITH

Feidhmíonn an DPC a chuid cumhachtaí faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí chun dul i mbun fiosruithe ar eagraíochtaí nuair atá baol suntasach féideartha ann d'ábhair sonraí AE. Is féidir leis an DPC **“imscrúdúchán bunaithe ar ghearán”** a thionscain go sonrach maidir le gearán aonair. Mar mhalairt air sin, nuair atá gearáin éagsúla ag tagairt do shaincheisteanna córasacha féideartha i ndáil le neamhchomhlíonadh, is féidir leis an DPC a **“imscrúdúchán féintoilte féin”** a thíolacadh chun na hábhair atá i gceist a fhiosrú. I gcúinsí den chineál sin, is féidir leis an DPC an t-imscrúdúchán ar ghearáin aonair ábhartha a stopadh. Fanfaidh toradh na ngearán sin ar feitheamh go dtí go mbeidh an t-imscrúdúchán bainteach tugtha chun críche, agus is ina dhiaidh sin a chuirfear tús arís le himscrúdúchán an ghearáin bhaintigh agus tabharfar chun críche é sin bunaithe ar chinneadh an DPC san imscrúdúchán féinsáraithe.

Is nós imeachta tábhachtach de chuid an DPC é seo agus bhí sé lárnach i ndáil leis an mbealach a leanadh chun an cinneadh deiridh a bhaint amach in imscrúdúchán féintoilte WhatsApp<sup>10</sup>, a raibh 30 gearán ceangailte aonair ag baint leis. **Amhail dheireadh na bliana 2021, bhí 22% de ghearáin trasteorann oscailte (72 leis na 30 gearán a bhain le WhatsApp san áireamh) ceangailte le himscrúdúchán.**

BLIAIN	LÍON NA nGEARÁN BAILÍ TRASTEORANN A FUARTHAS	LÍON NA nGEARÁN A BHÍ OSCAILTE AG DEIREADH NA BLIANA 2021	LÍON NA nGEARÁN OSCAILTE ATÁ CEANGAILTE LE HIMSCRÚDÚCHÁN	% DE GHEARÁIN OSCAILTE ATÁ CEANGAILTE LE HIMSCRÚDÚCHÁN
2018	156	28	22	79%
2019	399	98	42	43%
2020	293	113	8	7%
2021	121	96	0	0%
<b>Iomlán</b>	<b>969</b>	<b>335</b>	<b>72</b>	<b>22%</b>

Fíor 4 BRIEADH SÍOS AR GHEARÁIN OSCAILTE TRASTEORANN ATÁ CEANGAILTE LE HIMSCRÚDÚCHÁN

<sup>10</sup> <https://www.dataprotection.ie/en/dpc-guidance/law/decisions/whatsapp-ireland-ltd-august-2021-0>

## GEARÁIN TRASTEORANN A TAISCEADH LE HÚDARÁIS

### MHAOIRSEACHTA EILE

Cuireann an mheicníocht Ionaid Ilfhreastail GDPR ar chumas saoránach gearáin a thaisceadh lena n-údarás maoirseachta áitiúil beag beann ar a bhfuil nó nach bhfuil bunaíocht ag an rialaitheoir/próiseálaí sonraí sa Bhallstát sin. Dá réir, faigheann an DPC gearáin atá taiscithe le húdarás mhaoriseachta eile AE/LEE a mbíonn air iad a láimhseáil ina phríomhúdarás maoirseachta. Sna cásanna sin, eisíonn an DPC gach cumarsáid atá aige leis an ábhar sonraí maidir lena ghearán tríd an údarás maoirseachta ábhartha, cibé más iarraidh ar cháipéisíocht bhreise maidir leis an ngearán, moltaí i ndáil le réiteach cairdiúil a bhaint amach nó comhfhreagras a bhaineann le próiseas cinnteoireachta Airteagal 60 atá i gceist.

Leagtar amach sa tábla thíos na húdarás mhaoriseachta ónar bhfuarthas an líon is mó de ghearáin bhailí trasteorann a bhain leis an tréimhse ó Bhealtaine 2018 go deireadh na bliana 2021 (a raibh an DPC ina LSA). Léirítear sa tábla chomh maith céatadán líon na ngearán a cuireadh ar aghaidh a bhí tugtha chun críche ag deireadh na bliana 2021. Mar shampla, is ionann na gearáin trasteorann bailí a taisceadh le húdarás mhaoriseachta sa Ghearmáin agus 30% de na gearáin trasteorann go léir a seoladh chuig an DPC idir Bealtaine 2018 agus Nollaig 2021. Ag deireadh na bliana 2021, bhí 52% de na gearáin a fuarthas ón nGearmáin tugtha chun críche.

TÍR (10 dTÍR IS COITIANTA)	% D'IOMLÁN NA nGEARÁN BAILÍ A FUARTHAS IDIR BEALTAINE 2018 GO DEIREADH NA BLIANA 2021	% GEARÁN A BHÍ TUGTHA CHUN CRÍCHE AG DEIREADH NA BLIANA 2021
An Ghearmáin (Cónaidhm agus Lander)	30%	52%
An Ríocht Aontaithe	14%	100%
An Fhrainc	12%	40%
An Spáinn	12%	63%
An Ostair	6%	56%
An Pholainn	4%	56%
An Ísiltír	4%	52%
An Danmhairg	3%	68%
An Iodáil	2%	15%
An Bheilg	1%	50%
<i>Na 19 dtír AE/LEE atá fanta</i>	12%	50%

Fíor 5 % DE NA GEARÁIN TRASTEORANN BHAILÍ A FUARTHAS AGUS A TUGADH CHUN CRÍCHE IN AGHAIDH AN ÚDARÁIS TIONSCANTA

## GEARÁIN TRASTEORANN EAGRAÍOCHTA

Baineann breis is 75 rialaitheoir sonraí éagsúla le 969 de na gearáin trasteorann bhailí a fuarthas ó Bhealtaine 2018, a bhfuil an DPC ina LSA. Léirítear gur ionann 10 comhlacht ilnáisiúnta teicneolaíochta agus ardáin idirlín agus 86% de na gearáin.

<b>RIALAITHEOIR SONRAÍ (10 gCINN IS AIRDE)</b>	<b>% DEN IOMLÁN GEARÁIN TRASTEORANN DPC INA LSA</b>
Meta Platforms Ireland Limited	30%
Google Ireland Limited	11%
WhatsApp Ireland Limited	9%
Airbnb Ireland UC	8%
Yahoo EMEA Limited	8%
Twitter International Company	6%
Microsoft Ireland Operations Limited	5%
Apple Distribution International	4%
MTCH Technology Services Limited	3%
LinkedIn Ireland UC	2%
	<b>86%</b>

Fíor 6 % DE NA GEARÁIN TRASTEORANN IN AGHAIDH AN RIALAITHEORA SONRAÍ (10 gCINN IS AIRDE)



## GEARÁIN TRASTEORANN ARBH É AN DPC AN tÚDARÁS MAOIRSEACHTA BAINTEACH (CSA)

Sa tréimhse ó Bhealtaine 2018 go deireadh na bliana 2021, rinneadh 181 gearán trasteorann leis an DPC inarbh é údarás maoirseachta AE/LEE eile an príomhúdarás maoirseachta. I measc na n-eagraíochtaí a rinneadh gearáin ina leith bhí KLM, Amazon, eBay, Lufthansa, Uber, Netflix, Mastercard, TAP Air Portugal, FedEx, Air France, PayPal, Brittany Ferries agus Spotify.

Amhail dheireadh na bliana 2021, bhí **55%** de na gearáin a cuireadh faoi bhráid an DPC ón 25 Bealtaine 2018 agus a aistríodh chuig LSA eile tugtha chun críche. I bhfianaise chomh gar agus atá an RA d'Éirinn, agus an iliomad gnólachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine aonair sa RA agus in Éirinn, bhí baint ag Oifig Choimisinéir Faisnéise na RA (ICO) ina phríomhúdarás maoirseachta i gcuid mhór de na gearáin CSA a láimhseáil an DPC, agus, mar sin, bhí tionchar mór ag an mBreatimeacht orthu. Nuair a bhaintear cásanna na RA as na staitisticí léirítear go bhfuil **38%** de an gearáin a sheol an DPC chuig LSAnna AE/LEE eile tugtha chun críche.

DPC INA CSA	LÍON NA nGEARÁN (RA SAN ÁIREAMH)	% DEN IOMLÁN	LÍON NA nGEARÁN (GAN AN RA SAN ÁIREAMH)	% DEN IOMLÁN
TUGTHA CHUN CRÍCHE FAOI DHEIREADH NA BLIANA 2021	100	55%	29	38%
GNÍOMHACH AG DEIREADH NA BLIANA 2021	81	45%	48	62%
<b>IOMLÁN</b>	181		77	

Fíor 7 BRISEADH SÍOS AR NA GEARÁIN TRASTEORANN GO LÉIR TUGTHA CHUN CRÍCHE NUAIR ARBH É AN DPC AN CSA

Seachas gearáin arbh é an RA an LSA, ag deireadh na bliana 2021, **tugadh 6 (21%) gearán chun críche lasmuigh de phróiseas Airteagal 60 den GDPR**. I gcuid de na cásanna sin, sheol an LSA freagra an Rialaitheora Sonraí chuig an DPC nó sheol achoimre de i litir chuig an ngearánach agus d'iarr ar an DPC freagra an rialaitheora chuig an ngearánach a thairiscint mar réiteach ar a ngearán. I gcásanna eile, sheol an LSA litir chuig an DPC le seoladh chuig an ngearánach inar cuireadh in iúl dó gur mheas an LSA nach raibh sé in ann an gearán a fhiosrú a thuilleadh.

**Tugadh 9 (31%) gearán chun críche nuair arbh é an DPC an CSA trí bhíthin chinneadh Airteagal 60 den GDPR.** As na gearáin sin seasadh leis an ngearán i gcúig chás, diúltaíodh do cheann amháin díobh agus díbheadh iad i dtrí chás. I gceann de na cásanna a seasadh leo, chuir an LSA beart ceartaithe i bhfeidhm trínar theastaigh sonraí pearsanta an ghearánaigh a scriosadh. Níor chuir na LSAnna bearta ceartaithe i bhfeidhm sna ceithre cás a seasadh leo.

**Tharraing na gearánaigh siar sna 14 (48%) cás** a bhí fanta.

## AGUISÍN 1 – CÁS-STADÉIR RÉITIGH CHARIDIÚIL

Tá sampla thíos de chásanna gearán trasteorann a réitíodh tríd an bpróiseas réitigh chairdiúil. Tá oibleagáid ar an DPC faoi Alt 108 agus Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 gearáin a láimhseáil i gcomhréir le Cuid 6 den Acht sin.

Cuid thábhachtach den phróiseas láimhseála gearáin is ea an oibleagáid atá ar an DPC, i gcás gach gearáin a fhaightear, an bhfuil dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann, laistigh de thréimhse ama réasúnach, ar réiteach cairdiúil ar ábhar an ghearáin nó nach bhfuil a bhreithniú, agus má tá, cibé bearta a dhéanamh is cuí leis an DPC chun réiteach cairdiúil den sórt sin a shocrú nó a éascú.

Tá go leor taithí ag an DPC réiteach cairdiúil a shocrú nó a éascú maidir le gearáin cosanta sonraí ós rud é go bhfuil foráil déanta do réiteach cairdiúil i ndlí cosanta sonraí na hÉireann ón mbliain 2003. Ón taithí sin, tuigeann an DPC go bhfuil go leor gearánach ag iarraidh go dtiocfaí ar réiteach ar an tsaincheist a shásaíonn iad cibé má bhaineann sin le neamhchomhlíontacht le rochtain ó ábhar sonraí, neamhchomhlíontacht le hiarraidh ar scriosadh, nó ábhar cosanta sonraí eile. Chomh luath agus a chomhlíonann rialaitheoir sonraí na hoibleagáidí sin i gcomhthéacs phróiseas láimhseála gearáin an DPC is minic a bhíonn an gearánach sásta a mheas go bhfuil an t-ábhar tugtha chun críche ar an mbonn gur thángthas ar réiteach cairdiúil. Tá cásanna gearáin eile ann, áfach, nach féidir teacht ar réiteach cairdiúil ná cur chuige cuí ina leith, i gcásanna dá leithéid, tá príomhról ag dréachtchinneadh arna réiteach ag an DPC le cur chuig na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann. D'fhéadfadh sin tarlú i gcásanna inar baineadh triail as réiteach cairdiúil ach nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú idir na páirtithe laistigh de thréimhse ama réasúnach leis an ngearán a réiteach. D'fhéadfadh sin tarlú freisin i gcás gur bhreithnigh an DPC, agus an gearán á mheas, nach bhfuil aon dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann, laistigh de thréimhse ama réasúnach, ar réiteach cairdiúil.

Mar is léir ó na cás-staidéir thíos, is féidir réiteach rathúil a bheith mar thoradh ar an DPC réiteach cairdiúil a lorg ar bhealach a shásaíonn gearánaigh go huile agus go hiomlán, nach bhfuil uathu, in iomaí cás, ach réiteach a fháil ar na saincheistanna imní a d'eascair as a dteagmháil le rialaitheoirí sonraí. Is léir gur córas rathúil é réiteach cairdiúil, ag a bhfuil bonn reachtúil san Acht um Chosaint Sonraí 2018, chun an toradh a bhfuiltear ag iarraidh a bhaint amach a bhaint amach maidir le go leor gearán arna láimhseáil ag an DPC agus leanann an DPC d'am agus dícheall a infheistiú d'fhonn gach rogha a scrúdú a bhféadfadh réitigh chairdiúla a bheith mar thoradh orthu a shásódh gach páirtí a bhaineann leis an ngearán.

## Meta Platforms Ireland Limited

Fuair an DPC gearán i mí Márta 2020 ó Údarás Cosanta Sonraí na hOstaire thar ceann gearánach as an Ostair i gcoinne Meta Platforms Ireland Limited, (“Facebook”). Bhain an gearán a bhí i gceist le hiarraidh ar shonraí pearsanta a scriosadh, de réir Airteagal 17(1) den GDPR a bhí déanta ag gearánach le Facebook maidir lena chuntas Instagram.

Bhí rochtain caillte ag an ngearánach sa chás ar a chuntas Instagram agus dá bhrí sin ní raibh sé ábalta an uirlis scriosta ionchuntais atá ar fáil ar an ardán a úsáid. Dá bhrí sin, rinne sé cúpla iarraidh le Facebook a chuid sonraí pearsanta a scriosadh. I ndiaidh a chuid iarrataí, dheimhnigh sé nár tugadh an cuidiú a bhí de dhíth ar fáil dó agus nár glacadh beart maidir lena iarraidh. Ba é an réiteach a bhí an gearánach ag iarraidh ná go scriosfaí a chuntas Instagram, agus na sonraí pearsanta ar fad lena bhain.

Sainaithníodh an gearán seo mar ghearán a d’fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Chuaigh an DPC i mbun comhfhreagrais le Facebook agus leis an ngearánach chun iaracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh sa ghearán agus teacht ar chlabhsúr sásúil. I gcomhfhreagras leis an DPC, thug Facebook ar aird go raibh cuntas an ghearánaigh cláraithe i seicphointe faoi láthair. Is ionann seicphointe agus córas a chuireann cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar a gcuntais nó go gcríochnaíonn siad sraith céimeanna nó gníomhartha riachtanacha.

Ag oibriú i dtreo réiteach a fháil ar an gcás, thairg Facebook go ndéanfadh sainfhoireann dá chuid teagmháil leis an ngearánach d’fhonn cuidiú leis a úinéireacht ar an gcuntas a dhearbhu agus rochtain a fháil arís. Bheadh ar an ngearánach seoladh ríomhphoist nua a chur ar fáil a d’fhéadfaí a chomhcheangal leis an gcuntas. Chomh luath agus a d’fhéadfadh Facebook a dheimhniú gurb é an gearánach úinéir dlisteanach an chuntais bheadh sé ábalta rochtain a fháil ar an gcuntas, an uirlis scriosta ionchuntais a úsáid agus an réiteach a bhí sé ag iarraidh a fháil.

Rinne an DPC teagmháil leis an ngearánach ina dhiaidh sin chun an réiteach cairdiúil beartaithe a mhíniú agus dheimhnigh an gearánach go mba mhaith leis leanúint ar aghaidh leis. Chuir an gearánach seoladh ríomhphoist nua ar fáil le comhcheangal leis an gcuntas agus chur an DPC sin in iúl do Facebook. Thug an DPC treoir bhreise do Facebook teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach agus cuidiú leis a chuid sonraí pearsanta a scriosadh.

Deimhnigh Facebook ina dhiaidh sin go ndeachaigh sainfhoireann Facebook i mbun teagmhála leis an ngearánach agus ar deireadh dheimhnigh an gearánach gur éirigh leis rochtain a fháil ar a chuntas agus é a scriosadh. Thug sé ar aird go raibh sé sásta leis an

toradh agus deimhnigh gur réitíodh an gearán go cairdiúil. Mar thoradh air sin, mheas an DPC an gearán a bheith réitithe go cairdiúil agus tarraingthe siar, de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

## **Airbnb Ireland**

Fuair an DPC gearán i Meán Fómhair na bliana 2020 a bhain le hiarraidh ar rochtain (faoi Airteagal 15 den GDPR), a bhí déanta ag an ngearánach le Airbnb Ireland UC (“Airbnb”). Rinne an t-ábhar sonraí atá lonnaithe i Málta gearán go díreach leis an DPC. Nuair a rinne an DPC an gearán a mheas, measadh gur gearán trasteorann a bhí i gceist mar gur bhain sé le polasaithe oibriúcháin ginearálta Airbnb, agus mar sin, ós rud é go bhfuil Airbnb ar fáil ar fud an AE, measadh, i leith an ghearáin a ndearnadh maidir leis an bpróiseáil, go raibh *“éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu”* (de réir an tsainmhíneithe ar phróiseáil trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

Chuir an gearánach iarraidh ar rochtain ar aghaidh chuig Airbnb. Rinne Airbnb an iarraidh ar rochtain seo a éascú trí nasc chuig comhad rochtana ina raibh a chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil don ghearánach. Mar sin féin, nuair a thriail an gearánach úsáid a bhaint as an nasc, ní raibh sé ag feidhmiú. Ina theannta sin, bhí frustrachas ar an ngearánach faoi chomh deacair is a bhí sé aige teagmháil a dhéanamh le Airbnb faoin ábhar seo. Chuir an gearánach a ghearán ar aghaidh chuig an DPC ar an mbonn sin.

Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d’fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Rinne an DPC teagmháil le Airbnb agus d’iarr air iarraidh an ghearánaigh a éascú. Thug an DPC le fios go sonrach nár mhór do Airbnb a chinntiú go bhfuil nasc ar bith a chuireann sé ar aghaidh chuig gearánaigh tástáilte go hiomlán agus ag obair. I bhfreagra, mhínigh Airbnb gur sheol siad nasc athnuaite ar aghaidh chuig an ngearánach chomh luath is a fuair siad amach nach raibh an chéad nasc ag obair agus nach raibh sé ar eolas acu go raibh fadhbanna ag an ngearánach rochtain a fháil ar an dara nasc sin. Mar sin féin, ar mhaithe le réiteach cairdiúil a dhéanamh i leith an ghearáin, chomhaontaigh Airbnb nasc eile a chur ar fáil don ghearánach chuig an gcomhad rochtana agus go gcuirfí comhad criptithe ar aghaidh chuig an ngearánach ar ríomhphost slán.

Mar thoradh air sin, réitíodh go cairdiúil an t-ábhar de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (“an tAcht”), agus faoi alt 109(3) den Acht measadh go raibh an gearán tarraingthe siar. Léiríonn an cás-staidéar seo an tairbhe a bhíonn i gceist - do ghearánaigh aonair - nuair a dhéanann an DPC idirghabháil trí bhíthin an phróisis réitigh chairdiúil.

Sa chás seo, bhí an gearánach ábalta rochtain a fháil ar a chuid sonraí mar gheall go raibh an DPC páirteach ann. Léirítear leis an gcás-staidéar seo go mbíonn rudaí simplí go minic ábalta iompú isteach ina ngearán cosanta sonraí mura ndéanann foirne cosanta sonraí agus seirbhís do chustaiméirí rialaitheoirí sonraí tosaigh an cás a bhainistiú go cuí ón tús.

## **Google (YouTube)**

Fuair an DPC gearán i Meán Fómhair 2020, trína fhoirm ghréasáin do ghearáin, i gcoinne Google Ireland Limited (“**YouTube**”). Rinne tuismitheoir an gearán thar ceann a linbh, gearán a bhain le cainéal/cuntas YouTube. Bhí an leanbh 10 mbliana d’aois nuair a socraíodh suas an cainéal/cuntas, tráth nár thuig an leanbh na hiarmhairtí a bhain le físeáin a phostáil ar líne.

Cé gur duine a chónaíonn in Éirinn a rinne an gearán díreach chuid an DPC, ar mheasúnú an ghearáin sin measadh gur gearán trasteorann a bhí i gceist mar gur bhain sé le polasaithe oibriúcháin ginearálta YouTube agus mar sin, ós rud é go bhfuil YouTube ar fáil ar fud an AE, measadh, i leith an ghearáin a ndearnadh maidir leis an bpróiseáil, go raibh *“éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu”* (de réir an tsainmhíneithe ar phróiseáil trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

Dar leis an ngearán, ní raibh smacht ag an leanbh ar an gcuntas níos mó ós rud é go raibh a phasfhocail caillte aige agus nach raibh an cuntas in úsáid a thuilleadh. Tháinig leanaí a bhí sa rang céanna leis an leanbh ar na físeáin, áfach, físeáin a phostáil an leanbh agus ar cúis náire anois iad dó. Chuaigh tuismitheoir an linbh i mbun comhfhreagrais go forleathan le Google, ag lorg, i measc nithe eile, go nglanfaí an cuntas den ardán YouTube. Chuir an tuismitheoir an URL a bhain le físeán ar leith ar an gcuntas chomh maith le URL an chuntais féin ar fáil. Chuir Google in iúl don tuismitheoir, roinnt uaireanta, gur ghlac sé beart agus gur bhain an t-ábhar den ardán. Rinne an tuismitheoir teagmháil arís agus arís eile áfach chun a thabhairt ar aird nach amhlaidh a bhí an scéal, nach raibh an t-ábhar tógtha anuas agus go raibh sé fós ar fáil ar líne. Ó tharla gur mheas sí nach ndeachthas i ngleic go cuí leis an ngearán d’ardaigh sí an cheist, mar sin, leis an DPC.

Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d’fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d’aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreoidís leis an DPC chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil ar an gceist. Rinne an DPC cúlra an ghearáin a imscrúdú agus thug ar aird, de réir dealraimh, gur bhain Google anuas físeán ar leith ón gcuntas, dár cuireadh an URL ar fáil, ach níor bhain anuas an cuntas ina iomláine, a d’fhág gur fhan físeáin eile ar líne.

Chuaigh an DPC i dteagmháil le Google maidir leis an gceist agus chuir cúlra ar leith an ghearáin in iúl do Google. Ghníomhaigh Google ar an bpointe agus bhain an cuntas YouTube anuas ina iomláine. Dheimhnigh Google gur míthuiscint a bhí ann ós rud é go ndearna foireann tacaíochta Google an URL d'fhíseán ar leith a chuir an gearánach ar fáil a mheas seachas an cuntas ina iomláine, rud a bhí mícheart.

Chuir an DPC an toradh in iúl don tuismitheoir agus mhol réiteach cairdiúil maidir leis an ngearán. Ina dhiaidh sin, chuir an tuismitheoir in iúl don DPC go bhfuair sí amach le déanaí faoi chainéal YouTube eile a shocraigh a leanbh suas, cuntas eile nach raibh in úsáid, agus go raibh an leanbh ag iarraidh é a scriosadh. Mar sin, chuaigh an DPC i mbun tuilleadh comhfhreagrais le Google agus dheimhnigh Google gur ghníomhaigh sé láithreach chun an cuntas a bhaint anuas agus chuir na bearta a bhí glactha aige in iúl don tuismitheoir.

Leagann an cás seo béim ar go bhfuil an DPC ábalta cuidiú le hábhair sonraí le linn an phróisis réitigh chairdiúil a n-iarrataí ar leith a mhíniú don rialaitheoir sonraí, go minic ag an leibhéal cuí, nuair nár éirigh leis an gcéad teagmháil idir ábhar sonraí agus an rialaitheoir sonraí. Fágann sin freisin go bhfuil an DPC ábalta monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na rialaitheoirí sonraí trí nóta a ghlacadh ar aon saincheist a d'fhéadfadh a bheith i gceist freisin ar fud gearán.

### **Yahoo EMEA Limited**

Fuair an DPC gearán i mí Márta 2021 ó údarás cosanta sonraí Bavaria thar ceann gearánach as Bavaria i gcoinne Yahoo EMEA Limited.

Ní raibh rochtain ag an ngearánach ar a ríomhphost AOL a thuilleadh tar éis dó nuashonrú a dhéanamh ar a ríomhaire. Luaigh an gearánach go ndearna sé teagmháil le Yahoo d'fhonn rochtain a fháil air arís agus iarradh air faisnéis a thabhairt a bhain leis an gcuntas, dheimhnigh an gearánach gur chuir sé an fhaisnéis sin ar fáil. Chuir Yahoo in iúl don ghearánach nach bhféadfadh Yahoo aitheantas an ghearánaigh a dheimhniú ag úsáid na faisnéise a cuireadh ar fáil, ach ní raibh sé soiléir don ghearánach cé acu faisnéis a measadh a bheith míchuí. Dá bhrí sin rinne sé gearán leis an údarás maoirseachta áitiúil, a chuir an gearán ar aghaidh chuig an DPC ina cháil mar Phríomhúdarás Maoirseachta do Yahoo.

Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d'aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreodís leis an DPC chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil ar an gceist.

Rinne an DPC teagmháil le Yahoo ar an gceist, agus ghlac Yahoo cur chuige réamhghníomhach agus luaigh láithreach go raibh fonn air teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an ngearánach chun féachaint leis an bhfadhb a réiteach a luaithe agus is féidir. Dhearbhaigh Yahoo leis an DPC go gairid ina dhiaidh sin go raibh teagmháil déanta ag an bhfoireann seirbhísí d'úsáideoirí leis an ngearánach, a chuir faisnéis mhalartach ar fáil a chuir ar chumas Yahoo aitheantas an ghearánaigh a dheimhniú agus rochtain ar a chuntas a thabhairt dó arís ina dhiaidh sin.

Léirítear leis an gcás seo gur féidir réiteach gasta a bhaint amach d'ábhair sonraí de thoradh teagmháil dhíreach bhreise a bheith idir páirtithe le linn an phróisis réitigh chairdiúil. Chomh maith leis sin, léirítear leis gur féidir ceisteanna a réiteach agus próiseas láimhseála mór fada a sheachaint go minic má ghlacann rialaitheoirí sonraí cur chuige réamhghníomhach ag luathchéimeanna an ghearáin.

## **Ryanair**

Rinne duine aonair iarraidh ar rochtain in Eanáir 2020 chuig Ryanair ar sonraí custaiméara coinnithe maidir le háirithint eiltle. Ní bhfuair an duine aonair aon fhreagra ó Ryanair agus ina dhiaidh sin chuir gearán faoi bhráid an DPC in Aibreán 2020. I Meitheamh 2020, i ndiaidh don DPC an gearán a mheas agus breithniú a dhéanamh go raibh sé inniúil ar ghníomhú, thug an DPC achoimre ar an ngearán do Ryanair. Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. D'iarr an DPC go ndéanfadh Ryanair athbhreithniú ar an ngearán agus teagmháil a dhéanamh láithreach leis an duine aonair chun na sonraí a d'iarr sé a chur ar fáil dó.

I mí na Samhna 2020, i ndiaidh don DPC teagmháil leantach bhreise a dhéanamh le Ryanair chuir an gearánach in iúl don DPC go ndearna Ryanair teagmháil leis ag míniú go gcuirfeadh sé a gcuid sonraí iarrtha ar fáil agus go bhfiosróidh siad iarraidh ar leith a bhain le seirbhís do chustaiméirí maidir leis an áirithint a thit lasmuigh de réim an ghearáin cosanta sonraí leis an DPC.

Ar leithligh, chuir Ryanair cóip de litir a sheol sé chuig an ngearánach ar fáil don DPC. Dúirt Ryanair go ndearna rannóg seirbhísí custaiméirí Ryanair dearmad de thaisme ar iarraidh ar rochtain an ghearánaigh nuair a bhíodhas ag déileáil leis an ngearán maidir le seirbhís do chustaiméirí agus go mba é sin an chúis nár tugadh freagra ar an iarraidh ar rochtain. Chuir Ryanair in iúl don DPC gur chuir sé oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann seirbhísí custaiméirí, ag cur béim arís ar an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt d'iarrataí ar sonraí nuair atá siad i ngearáin seirbhísí custaiméirí.



Leis an litir sin chuir Ryanair cóip den áirithint eiltle lena n-áirítear sonraí íocaíochta, teagmhála agus paisinéara, chomh maith le cóip de thras-scríbhinní de na comhráití maidir leis an áirithint, mar a d'iarr an gearánach, ar fáil. Ghabh Ryanair leithscéal as an mhoill freagra a thabhairt ar iarraidh an ghearánaigh. Dhearbhaigh an gearánach leis an DPC go raibh sé sásta leis na bearta a ghlac an DPC an gearán a réiteach go cairdiúil agus ghlac buíochas leis an DPC as a chuid ama agus iarrachta.

Léiríonn seo chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus a d'fhéadfadh réiteach cairdiúil a bheith do ghearánaigh agus do rialaitheoirí sonraí. Ó na chéad aighneachtaí go dtí gur tugadh an gearán chun críche, i lár na paindéime Covid-19, thóg sé 8 mí déileáil leis an ngearán agus é a thabhairt chun críche go sásúil do gach páirtí lenár bhain. Fuair an gearánach sa chás seo na sonraí a d'iarr sé chomh maith le réiteach ar an tsaincheist ar leith a bhain le seirbhís do chustaiméirí. Cuireadh an rialaitheoir sonraí ar an eolas gur theastaigh oiliúint athnuachana maidir le hiarrataí cosanta sonraí ó bhail den fhoireann seirbhísí custaiméirí, a bhí mar chuid de na gearáin maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus gur chuir an oiliúint sin ar fáil chun saincheistanna dá leithéid a sheachaint amach anseo.

### **Meta Platforms Ireland Ltd.**

Fuair an DPC gearán i Meitheamh 2021 díreach ón ngearánach i gcoinne Meta Platforms Ireland Limited (“Facebook”).

Ina ghearán, d'ardaigh an t-ábhar sonraí ábhair imní maidir le hiarraidh ar scríosadh a rinneadh chuig Facebook faoi Airteagal 17 den GDPR. Bhí an gearánach ag iarraidh go scríosfaí a chuid sonraí pearsanta, a bhí ar phróifíl Facebook, a shocraigh an gearánach suas i dtús ama ach nár úsáid sé nó nach raibh aon rochtain acu air níos níos mó. Dheimhnigh an gearánach nár bhfuair sé clabhsúr sásúil ar a chéad iarracht an cás a réiteach go díreach le Facebook agus níor scríosadh sonraí pearsanta an ghearánaigh cé gur iarr sé go ndéanfaí sin.

Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Chuir an DPC Facebook ar an eolas faoin ngearán, ag cur achoimre d'ábhar an ghearáin ar fáil agus ag lorg freagraí ó Facebook, mar chuid den phróiseas láimhseála gearáin. Chuir an DPC Facebook ar an eolas freisin faoi a chuid oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí maidir le hiarraidh ar scríosadh.

Cuir an t-ábhar sonraí in iúl don DPC ina dhiaidh sin gur aontaigh Facebook an cuntas a bhí i gceist a scríosadh. Thug an t-ábhar sonraí ar aird gur réitigh sin a ghearán chuig an DPC agus ghlac buíochas leis an DPC as cuidiú leis go scríosfaí a chuid sonraí. Mar

thoradh ar an dearbhú a fuarthas ón ábhar sonraí, measadh an gearán a bheith réitithe go sásúil agus tarraingthe siar, de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Cuireadh Facebook agus an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin toradh.

### **Twitter International**

Fuair an DPC gearán i mí Aibreáin 2021 ó Údarás Cosanta Sonraí na Sualainne thar ceann gearánach as an tSualainn i gcoinne Twitter International Company, (“Twitter”).

Ina ghearán, d’ardaigh an t-ábhar sonraí imní maidir le hiarraidh ar scriosadh a rinneadh le Twitter faoi Airteagal 17 den GDPR. Maidir leis sin, thug an t-ábhar sonraí ar aird go raibh haiceáil déanta ar a sheanchuntas Twitter agus nach raibh aon rochtain aige air níos mó. Bhí íomhá agus ainm an té sin ar an gcuntas agus bhí sé ag iarraidh go scriosfaí é. Thug an t-ábhar sonraí ar aird go ndearna sé teagmháil le Twitter agus níor éirigh leis an cuntas a scriosadh. Thagair an t-ábhar sonraí do pholasaí Twitter maidir le cuntais neamhghníomhacha agus bhreithnigh gur cheart go ndéanfaí a chuntas a dhíghníomhachtú ag teacht leis an bpolasaí sin.

Sainithníodh an gearán seo mar ghearán a d’fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Mar chuid de phróiseas láimhseála gearáin an DPC, chuaigh sé i mbun comhfhreagrais le Twitter agus leis an ábhar sonraí ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a aithníodh sa ghearán agus chun teacht ar chlabhsúr sásúil don ábhar sonraí. I bhfreagra chuig an DPC, dhearbhaigh Twitter go raibh an cuntas a bhí i gceist neamhghníomhach ar feadh tréimhse fhada. Mar thoradh air sin, dhearbhaigh Twitter go ndéanfaí an cuntas a dhíghníomhachtú gan aon ghá don ábhar sonraí aon chéimeanna eile a ghlacadh.

Chuaigh an DPC i mbun comhfhreagrais leis an ábhar sonraí trí Údarás Cosanta Sonraí na Sualainne, chun dearbhú a lorg gurbh ionann sin agus réiteach cairdiúil ar a ghearán. Dhearbhaigh an t-ábhar sonraí gur baineadh amach an réiteach a bhí sé ag iarraidh maidir lena ghearán agus ghlac buíochas leis an DPC as a chuid iarrachtaí an tsaincheist a réiteach. Mar thoradh air sin, mheas an DPC an gearán a bheith réitithe go cairdiúil agus tarraingthe siar, de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.